

# Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó: **Glór Cheatharlach**  
 Sráid an Choláiste, Ceatharlach (059) 9158105 / (085) 1340047  
 emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie  
 Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## Deireadh seachtaine Gaeilge agus cultúrtha i nGaeltacht Ráth Chairn

Dóibh siúd gur spéis leo a gcuid Gaeilge labhartha a fheabhsú in atmasféar taitneamhach spráúil, tá Gael Linn ag eagrú deireadh seachtaine Gaeilge agus cultúrtha i nGaeltacht Ráth Chairn ón Aoine 5 - Domhnach 7 Deireadh Fómhair 2012. Is é seo an cúigiú bliain don eagrú an ócáid ráthúil seo a eagrú i gcomhar le Comharchumann Ráth Chairn. Beidh deis ag foghaimeoirí fásta na Gaeilge blaiseadh de chultúr na Gaeltachta agus den Ghaeilge labhartha a fháil thar an deireadh seachtaine. I measc na n-imeachtaí atá beartaithe, tá ranganna comhrá Gaeilge ag meánleibhéal, ceardlann amhránaíochta ar an sean-nós, quiz boird agus seisiúin ceoil! Socrófar lóistín do na rannpháirtithe go háitiúil agus is é táille réasúnta na deireadh seachtaine ná €180 an duine - béilte san áireamh. Tá Gaeltacht Ráth Chairn suite idir Bhaile Átha Troim agus Áth Buí i gCo. na Mí. Bunaíodh Gaeltacht Ráth Chairn i 1937 nuair a aistríodh teaghlach iomlána aniar as Conamara chuig Co. na Mí.

Tá uimhreacha teoranta agus chun áit a chur in áirithe ní foláir foirm iarratais a chomhlánú. Tá gach eolas faoin deireadh seachtaine mar aon le foirmeacha iarratais ar fáil ar [www.gael-linn.ie](http://www.gael-linn.ie) agus ó Glór Cheatharlach ar 059 9158105, 085 1340047 nó [emma@glorcheatharlach.ie](mailto:emma@glorcheatharlach.ie)

<b>Gluais:</b>	<b>Glossary:</b>
labhartha	spoken
taitneamhach	pleasant
deireadh seachtaine	weekend
blaiseadh	taste
beartaithe	planned
lóistín	accommodation
rannpháirtithe	participants
béilte	meals
san áireamh	included
teaghlach	households

## Gaeilge Le Chéile ar ais arís!

Tar éis saoire an tsamhraidh tá Gaeilge le Chéile ar ais arís! Tugann Glór Cheatharlach cuireadh do dhaoine fásta chuig an teacht le chéile míosúil i dteach tábhairne Reddys, Sráid na Tuláir ar an Déardaoin seo, 6ú Meán Fómhair ag 9.00i.n. Oíche shóisialta neamhfhoirmiúil atá i gceist agus cuirtear fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí.

Leanfar ar aghaidh le Gaeilge Le Chéile mar is gnáthach ar an gcéad Déardaoin de gach mí i rith na bliana agus seolann Glór Cheatharlach cuireadh oscailte chuig chách. Mar sin buail isteach don chaint, chomhrá agus chomhlúadar trí Ghaeilge. Beidh fáilte romhat cuma an cainteoir líofa nó foghlaiméir thú. An Ghaeilge, is leatsa í!

## Ranganna Gaidhlig i gCeatharlach

Ar mhaith leat Gaidhlig na hAlban a fhoghlaim? Bhuel, tá an-áthas ar Glór Cheatharlach a fhógairt go gcuirfead tús le ranganna do lomthosaitheoirí i gCeatharlach an fómhair seo. Is gearrchúrsa i gcomhrá, filíocht agus amhráin na Gàidhlig a bheidh i gceist ar oícheanta Luain thar sé seachtaine. Is de thoradh na féile idirnáisiúnta Pan Cheilteach a reachtáladh i gCeatharlach níos luaithe sa bhliain a léiríodh suim i nGaeilge na hAlban. Iarrtar ar dhaoine dul i dteagmháil le Glór Cheatharlach gan mhoill má tá suim acu sa chúrsa agus cuirfead tús leis na ranganna i Mí Dheireadh Fómhair ag braith ar éileamh.

<b>Gluais:</b>	<b>Glossary:</b>
Gaidhlig na hAlban	Scottish Gaelic
lomthosaitheoirí	absolute beginners
comhrá	conversation
filíocht	poetry
níos luaithe	earlier
ag braith	depending
éileamh	demand

## Turas Gaeilge go Baile Átha Cliath

Tá Glór Cheatharlach ag súil le Turas Lae trí Ghaeilge do dhaoine fásta a eagrú go Baile Átha Cliath ar an Satharn, 15ú Meán Fómhair. Beifear ag casadh le muintir na Gaeilge i gCluain Tairbh. I rith an lae tabharfar cuairteanna ar roinnt áiteanna sa chathair ina measc cuairt le treoraí ar an Casino i Marino. Is seoid álainn é seo a tógadh ag deireadh na hochtó haoise déag. Tar éis lóin sa Chlub Luamhaireachta beidh cuairt treorithe agus caint ar an mBulla Thuaidh. Tá Ionad Eolais ar an oileán faoi chúram na Comhairle Cathrach agus is tearmann don nádúr é an t-oileán seo faoi Acht Rialtais 1976.

San iarnóin tabharfar cuairt ar ionad Chomhaltas Ceoltóirí i gCluain Tairbh áit a mbeidh cur síos ar an obair atá ar siúl ansin maidir le bailiú agus caomhnú ceoil. Beidh ceoltóirí i láthair chun dreas ceoil a chasadh.

Chun an turas a chinntiú is gá áiteanna a chur in áirithe gan mhoill agus braithfidh an costas ar líon na ndaoine a bheidh ag taisteal. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmhail a dhéanamh le Glór



Casino i Marino

Cheatharlach ar 085 1340047 nó 087 2857048 nó scríobh chuig [emma@glorcheatharlach.ie](mailto:emma@glorcheatharlach.ie)

<b>Gluais:</b>	<b>Glossary:</b>
turas lae	day trip
cuairteanna	visits
cathair	city
seoid	jewel
treoraí	guide
Bulla Thuaidh	North Bull Island
tearmann	sanctuary
iarnóin	afternoon

# Welcome to the digital edition of the **The Nationalist**

The e-edition is an exact replica of our printed paper. It's a digital reproduction of the newspaper

Each e-edition comes complete including every photograph, advertisement and news articles. There is no need to download software and you can access your e-edition anytime, anywhere you are.

Simply sign up today at

**[www.carlow-nationalist.ie](http://www.carlow-nationalist.ie)**  
and start search and navigating the paper using your web browser.



**[www.carlow-nationalist.ie](http://www.carlow-nationalist.ie)**